Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh
**PREASEISIÚINT Uimh. 30/22**
Lucsamburg, an 22 Feabhra 2022

Preas agus Eolas

Breithiúnas i gCás C-483/20
Commissiare general aus réfugiés et aux apatrides (Aontacht an aonaid teaghlaigh – Cosaint bronnta cheana féin)

# Féadfaidh Ballstát a chumhacht a fheidhmiú chun iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a dhiúltú mar dhoghlactha ar an bhforas go bhfuil stádas dídeanaí deonaithe cheana féin don iarratasóir ag Ballstát eile

*Ní foláir, áfach, aontacht an aonaid teaghlaigh a chaomhnú i gcás inarb athair linbh mhionaoisigh atá scartha dó agus ar deonaíodh cosaint dó sa chéad Bhallstát é an t-iarratasóir*

Tar éis dó stádas dídeanaí a fháil san Ostair in 2015, bhog an t-iarratasóir go dtí an Bheilg ag tús 2016 d'fhonn bheith lena bheirt iníonacha, ar mhionaoiseach duine acu, áit ina ndeonaíodh cosaint choimhdeach don bheirt iníonacha i mí na Nollag na bliana céanna. In 2018, thíolaic an t-iarratasóir, gan ceart cónaithe a bheith aige ann, iarratas ar chosaint idirnáisiúnta sa Bhallstát sin.

Dearbhaíodh go raibh an t-iarratas sin doghlactha faoin reachtaíocht sa Bheilg lena ndearnadh an Treoir maidir le "nósanna imeachta"[1] a thrasuí, ar an bhforas go raibh cosaint bronnta cheana féin ag Ballstát eile ar an iarratasóir [2]. Chuir an t-iarratasóir in aghaidh an cinneadh diúltaithe seo os comhair na gcúirteanna sa Bheilg, ina n-áitigh sé go gcuirtear toirmeasc, i ngeall ar an gceart go ndéanfar an saol teaghlaigh a urramú agus an oibleagáid go gcuirfear leas an linbh san áireamh, arna gcumhdach, faoi seach, in Airteagal 7 agus in Airteagal 24(2) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ("an Chairt"), ar Stát na Beilge a chumhacht a úsáid chun a dhearbhú go raibh a iarratas ar chosaint idirnáisiúnta doghlactha.

Sa chomhthéacs sin, chinn an Conseil d'État (an Chomhairle Stáit, an Bheilg) an cheist a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais an raibh eisceachtaí ón gcumhacht sin ann.

Chinn an Chúirt, agus í ina suí mar Mhór-Dhlísheomra, nach gcuireann **an Treoir maidir le "nósanna imeachta" [3], léite i bhfianaise** Airteagal 7 agus Airteagal 24(2) **na Cairte, toirmeasc ar Bhallstát an chumhacht sin a fheidhmiú ar an bhforas go raibh stádas dídeanaí deonaithe cheana féin ag Ballstát eile don iarratasóir, i gcás inar athair linbh mionaoiseach atá scartha dó agus ar deonaíodh cosaint dó sa chéad**

[1] Treoir 2013/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le nósanna imeachta coiteanna chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar (IO 2013, L 180, lch 60) ("Treoir maidir le 'nósanna imeachta'")

[2] De bhun Airteagal 33(2)(a) den Treoir maidir le "nósanna imeachta", féadfaidh na Ballstáit a mheas go bhfuil iarratas ar chosaint idirnáisiúnta doghlactha i gcás, inter alia, inar bronnadh Ballstát eile cosaint idirnáisiúnta.

[3] Airteagal 33(2)(a) den Treoir maidir le "nósanna imeachta".

**Ballstát é an t-iarratasóir, gan dochar, áfach,** do chur i bhfeidhm Airteagal 23(2) **den Treoir um "incháilíocht" [4], a bhaineann le caomhnú aontacht an aonaid teaghlaigh.**

**Breithniú na Cúirte Breithiúnais**

I ndáil leis sin, **sonraíonn an Chúirt nach bhfuil sé de chúram ar na Ballstáit a scrúdú an gcomhlíonann an t-iarratasóir na coinníollacha riachtanacha atá ann chun chur isteach ar chosaint idirnáisiúnta de bhun na Treorach um "incháilíocht", i gcás ina bhfuil cosaint den sórt sin curtha ar fáil cheana féin i mBallstát eile.** Sna himthosca sin, ní chóir dóibh staonadh ó fheidhmiú na cumhachta dá bhforáiltear sa Treoir maidir le "nósanna imeachta" [5] iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a dhearbhú mar dhoghlactha ach amháin i gcás ina mbeadh an t-iarratasóir i mbaol tromchúiseach, mar gheall ar easnaimh, bíodh siad córasach nó ginearálaithe, nó ag baint le grúpaí daoine áirithe sa Bhallstát eile sin, de thoradh na ndálaí maireachtála a bhféadfaí a thuar a bheadh roimhe mar thairbhí cosanta idirnáisiúnta, íde mhídhaonna nó tháireach a fhulaingt, de réir bhrí Airteagal 4 den Chairt.

Go deimhin, i bhfianaise cé chomh tábhachtach is atá prionsabal na hiontaoibhe frithpháirtí don Chomhchóras Eorpach Tearmainn, ní chuirtear cosc ar Bhallstáit an chumhacht sin a fheidhmiú i gcás ina bhfuil sárú ar fhoráil de dhlí an Aontais lena ndeonaítear ceart substainteach do thairbhithe cosanta idirnáisiúnta, nach sárú ar Airteagal 4 den Chairt dá thoradh é. Murab ionann agus an ceart maidir le cosaint ó íde mhídhaonna nó tháireach, ní cearta absalóideacha iad na cearta a ráthaítear le hAirteagail 7 agus 24 den Chairt agus, mar sin, is féidir srianta a chur leo faoi na coinníollacha a shonraítear sa Chairt.[6]

Thairis sin, sonraíonn an Chúirt **go bhfuil sé, faoin Treoir um "incháilíocht" [7], de cheangal ar na Ballstáit caomhnú aontacht an aonaid teaghlaigh a áirithiú, trí roinnt sochar ar mhaithe le baill teaghlaigh an tairbhí cosanta idirnáisiúnta a chur ar fáil.** Agus na sochair sin á ndeonú [8], lena n-áirítear, go háirithe, an ceart cónaithe, ní mór trí choinníoll a chomhlíonadh, agus is iad sin, ar an gcéad dul síos, go bhfuil an duine ina bhall teaghlaigh de réir bhrí na Treorach sin [9], ar an dara dul síos, nach gcomhlíonann an ball teaghlaigh na bunchoinníollacha incháilíochta le haghaidh cosaint idirnáisiúnta ina aonair, agus, ar an tríú dul síos, go luíonn sé le stádas dlíthiúil pearsanta an bhaill teaghlaigh lena mbaineann.

I dtús báire, níl cosc ann an tuismitheoir a mheas mar bhall teaghlaigh an tairbhí toisc go ndeachaigh an tuismitheoir agus a leanbh mionaoiseach i muinín bealaí imirce éagsúla sula dtugadh ar ais le chéile iad an athuair sa Bhallstát ina bhfuil cosaint idirnáisiúnta ag an leanbh sin, ar an gcoinníoll go raibh an tuismitheoir sin i gcríoch an Bhallstáit sin sula dtugadh breithiúnas ar iarratas a linbh ar chosaint idirnáisiúnta.

---

[4] Treoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le caighdeáin i dtaca le cáiliú náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, ar mhaithe le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach, agus inneachar na cosanta a thugtar (IO 2011, L 337, lch 9) ("Treoir um 'incháilíocht'").

[5] Airteagal 33(2)(a) den Treoir maidir le "nósanna imeachta".

[6] Airteagal 52(1) den Chairt.

[7] Airteagal 23(2) den Treoir um "incháilíocht".

[8] Foráiltear do na sochair seo in Airteagail 24 go 35 den Treoir um "incháilíocht".

[9] Airteagal 2(j) den Treoir um "incháilíocht".

Ansin, níl náisiúnach tríú tír ar diúltaíodh, toisc é a bheith doghlactha, dá iarratas sa Bhallstát ina bhfuil cosaint idirnáisiúnta ag a leanbh mionaoiseach as siocair an stádais dídeanaithe atá aige i mBallstát eile cáilithe i gcomhair cosaint idirnáisiúnta sa chéad Bhallstát.

Ar deireadh, maidir le comhréireacht na sochar dá bhforáiltear leis an Treoir um "incháilíocht" arna ndeonú le stádas dlíthiúil an náisiúnaigh lena mbaineann, ní foláir a scrúdú an bhfuil sé i dteideal cheana féin, sa Bhallstát a dheonaigh cosaint idirnáisiúnta do bhall dá theaghlaigh, a bheith caite leis ar bhealach níos fearr ná mar a chaithfí leis de bharr na sochar sin. Faoi réir fíorú ag an gcúirt a rinne an tarchur, ní cosúil go bhfuil an cás seo amhlaidh, ós rud é, agus stádas dídeanaí á dheonú i mBallstát, nach gcaitear leis an tairbhí den chosaint idirnáisiúnta sin ar bhealach níos fearr, i mBallstát eile, ná mar a chaithfí leis leis na sochair sin sa Bhallstát eile sin.

---

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid féin. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.r

---

*Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.*

*Foilsítear téacs iomlán an bhreithiúnais ar shuíomh gréasáin CURIA ar lá an fógartha.*

*Teagmháil phreasa: Jacques René Zammit ☎ (+352) 4303 3355*